2025/1497

21.7.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1497 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Iúil 2025

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Meán Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/1775 ([1]).

(2) An 13 Nollaig 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/2208 ([2]), lenar bunaíodh creat nua lena ndéantar foráil do bhearta sriantacha breise a fhorchur ar dhaoine aonair agus eintitis atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais lena gcuirtear síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhailí i mbaol, nó a bhí comhpháirteach iontu, nó a bhí páirteach iontu, go díreach nó go hindíreach, sna gníomhaíochtaí nó beartais sin, nó a chuireann bac ar chur i gcrích rathúil aistriú polaitiúil Mhailí nó chun an bonn a bhaint de chur i gcrích rathúil an aistrithe pholaitiúil sin.

(3) Ar bhonn athbhreithniú ar na bearta sriantacha, dá bhforáiltear in Airteagal 8(1) de Chinneadh (CBES) 2017/1775, ba cheart an iontráil a bhaineann le duine amháin a áirítear ar liostaí na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí sna ranna A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 a scriosadh.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2017/1775 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE

([1]) Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 251, 29.9.2017, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/1775/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/2208 ón gComhairle an 13 Nollaig 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 446, 14.12.2021, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/2208/oj).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 mar a leanas:

(1) i Roinn A, (‘Liosta na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 1(1)’), scriostar an iontráil a bhaineann leis an duine seo a leanas:

‘3. MAÏGA, Choguel’;

(2) i Roinn B (‘Liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)’), scriostar an iontráil a bhaineann leis an duine seo a leanas:

‘3. MAÏGA, Choguel’.